Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/4308

15.7.2024

**Iarraidh ar réamhrialú ón Varhoven administrativen sad (an Bhulgáir) a taisceadh an 27 Márta 2024 – Brose Prievidza spol. v Direktor na Direktsia 'Obzhalvane i danachno-osiguritelna praktika' – Sóifia**

**(Cás C-234/24, Brose Prievidza)**

(C/2024/4308)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Varhoven administrativen sad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir ar phointe dlí:* Brose Prievidza spol.

*Freagróir ar phointe dlí:* Direktor na Direktsia 'Obzhalvane i danachno-osiguritelna praktika' – Sóifia

**An cheist a tharchuirtear:**

An ndéantar foráil le Treoir 2008/9 ([1]) maidir le ceart chun aisíocaíocht a fháil ar CBL íoctha a éilíonn faighteoir soláthair trealaimh (uirlisiú) i gcás nár fhág na hearraí atá i gceist críoch Bhallstát an tsoláthróra agus go ndearnadh soláthar na huirlise a dheighilt go saorga ó sholáthairtí earraí laistigh den Chomhphobal a monaraíodh leis an trealamh sin don fhaighteoir céanna?

([1]) Treoir 2008/9/CE ón gComhairle an 12 Feabhra 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le haisíocaíocht cánach breisluacha, dá bhforáiltear i dTreoir 2006/112/CE, le daoine incháനach nach bhfuil bunaithe i mBallstát an aisíoca ach atá bunaithe i mBallstát eile (IO 2008 L 44, lch. 23).